info@ncca

ag tacú le teagasc agus foghlaim

Déanfaimid spraoi!

Ag foghlaim trí spraoi

leathanach 13

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta | MEÁN FÓMHAIR 2007 | Eagrán 7

an t-eagrán seo / Nuashonraí / Eolaíocht / Treoir / Príomhscileanna / Difreáil / Tástáil chaighdeánaithe / Acmhainní ar líne do mhúinteoirí **agus i bhfad níos mó...**

NCCA
National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

fáilte...

chuig scoilbhliain 2007/2008 agus an seachtú heagrán de info@ncca. D'fhormhór na ndaoine a oibríonn san oideachas, is é mí Mheán Fómhair an 'bhliain nua' agus bíonn orainn cuimhneamh ar laethanta saoire an tsamhraidh chun sólás a thabhairt dúinn le linn tráthnónta a bhíonn ag éirí níos dorcha.

Agus tú ag léamh an eagráin seo, b'fhéidir go gceapfá go bhfuil an fhoireann eagarthóireachta ag caitheamh an iomarca ama ag cuimhneamh ar na laethanta saoire. Spraoi? Fóin phóca? Ní féidir ceachtar acu sin a úsáid i bhfíor-sheomraí ranga, an féidir? Bhuel, léigh ár n-alt agus fan céard a cheapfaidh tú. Glactar go forleathan le ról an spraoi in oideachas na luathóige, ach an gciallaíonn an t-aistriú ó shuíomh luathóige go dtí seomra ranga naíonáin nach mbaineann an súgradh ach leis an gclós scoile, nó leis an saol lasmuigh den scoil? De réir mar a théann leanaí tríd an gcóras oideachais, agus mar a fhoghlaimíonn siad níos mó, an gceaptar ansin nach gá dóibh an méid céanna spraoi a dhéanamh...?

Má tá carn d'fhóin phóca choigistithe i do scoil faoi láthair, ansin ní mór an t-alt a léamh faoi obair na CNCM agus an NCTE maidir le fóin phóca a úsáid chun tacú le teagasc agus foghlaim na Gaeilge. Tá idé shimplí taobh thiar den tionscadal – nasc an teicneolaíocht a bhfuil an spéis is mó ag daltaí inti leis an ábhar nach bhfuil siad chomh tógtha leis agus féach céard a tharlaíonn. Baineadh úsáid as na fóin phóca i ranganna Gaeilge an dara bliain i gColáiste Ráth Tó i gCo. na Mí. Léigh céard a tharla nuair a spreagadh daltaí le fóin a úsáid sa rang!

Beidh dúshlán breise ann sa scoilbhliain seo do mhúinteoirí ag filleadh ar obair i mbunscoileanna, go háirithe dóibh siúd le ranganna a dó agus a cúig – is é sin an tástáil chaighdeánaithe. Tá réamhrá simplí curtha le chéile ag foireann bunscoile na CNCM do dhaoine nach bhfuil réidh fós déileáil leis na Treoirlínte níos faide!

Beidh an-suim againn in aiseolas a fháil uaibh faoin alt ar eolaíocht, a thugann forbhreathnú ar an gcuraclam eolaíochta agus ar an méid a fhoghlaimíonn daltaí san eolaíocht ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil. Ba léir ó aiseolas a fuaireamar faoi eagráin níos luaithe info@ncca go raibh suim ag múinteoirí bunscoile sa churaclam iarbhunscoile, ach nach raibh an spéis chéanna ag múinteoirí iarbhunscoile léamh faoin méid a tharlaíonn sa bhunscoil. Trí dhíriú ar ábhar amháin, agus ar conas an tacaíocht is fearr a thabhairt do dhul chun cinn daltaí san eolaíocht, tá súil againn go mbeidh spéis ag daoine ag an dá thaobh den deighilt bhunscoile/iarbhunscoile ann! Beimid ag fanacht le bhur dtuairimí...

Anne Looney
An Príomhfheidhmeannach
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

info@ncca

céard atá san eagrán seo

	Nuashonraí	4
	Bíp...teachtaireacht faighte	5
→	Príomhscileanna	6
	Difreáil	8
	Tástáil chaighdeánaithe	10
→	Déanfaimid spraoi!	13
	Acmhainní ar líne do mhúinteoirí	17
	Rinneamar anuraidh é!	18
	Maidir le treoir a thabhairt	20

Ag tacú le teagasc agus foghlaim...

Foilsítear **info@ncca** trí huaire i rith na scoilbhliana, i mí Mheán Fómhair, i mí Eanáir agus i mí Aibreáin.

Faigheann múinteoirí i ngach bunscoil agus gach iarbhunscoil sa tír cóip den nuachtlitir. Is féidir leaganacha leictreonacha den nuachtlitir, i nGaeilge agus i mBéarla, a íoslódáil ónár láithreán gréasáin, **www.ncca.ie**. Má tá cóipeanna breise de **info@ncca** ag teastáil i do scoil féin, seol d'iarratas chugainn ar ríomhphost nó le litir.

Cuirimid fáilte roimh ailt ó mhúinteoirí mar aon le tuairimí agus ceisteanna faoi ábhar na nuachtlitreach.

Sonraí teagmhála:

Ríomhphost: **newsletter@ncca.ie**
Facs: **01 661 7180**
Láithreán Gréasáin: **www.ncca.ie**

Post: **An tEagarthóir, info@ncca,**
An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta,
24 Cearnóg Muirfean,
Baile Átha Cliath 2

Nuashonraí

Tuarascálacha agus tionscnaimh nua

Abair linn é!

San eagrán seo de info@ncca tugaimid sonraí faoi roinnt de na hacmhainní ar líne atá ar fáil duit ar ár láithreáin ghréasáin.

Tugann **www.ncca.ie** faisnéis faoinár gcuid oibre leanúnaí.

Gheobhaidh tú na doiciméid siollabais agus churaclaim uile le cabhrú leat d'obair a phleanáil don bhliain ar **www.curriculumonline.ie**.

Ba bhreá linn cloisteáil uait faoi ghnéithe na láithreán a bhí úsáideach duit agus cuirimid fáilte ar leith roimh aon mholtaí faoi conas iad a fheabhsú. Seol aon tuairimí chuig: **newsletter@ncca.ie**

Bileoga faisnéise faoi ábhair

Chun an t-aistriú ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil a éascú, tá sraith de bhileoga faisnéise faoi na hábhair uile sa tsraith shóisearach á tiomsú ag an CNCM do pháistí i rang a sé agus dá dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Tá sé d'aidhm ag na bileoga faisnéise faisnéis shoiléir, ábhartha agus 'oiriúnaithe do pháistí' a chur ar fáil faoi na hábhair éagsúla sa tsraith shóisearach. Ní amháin go míneoidh na bileoga cad leis a mbaineann an t-ábhar, ach tabharfaidh siad freisin roinnt sonraí faoi na cineálacha foghlama a bhíonn ar siúl agus na gníomhaíochtaí foghlama éagsúla a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Tá súil againn go mbeidh páistí níos muiníní agus iad ag dul ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil mar thoradh ar na bileoga faisnéise seo. Ba chóir dóibh freisin a bheith mar chabhair do dhaltaí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus iad ag roghnú na n-ábhar ar mian leo staidéar a dhéanamh orthu sa tsraith shóisearach. Fair amach do na bileoga faisnéise ag tús na bliana seo chugainn nuair a sheachadfar do scoileanna iad.

Creat don luathfhoghlaim

Tá an *Creat don Luath-Fhoghlaim* beagnach tugtha chun críche. Beidh sé ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM níos déanaí san fhómhar agus gheobhaidh bunscoileanna agus suímh luathóige a gcóipeanna de i 2008.

Má tá suim agat cuid den taighde a thug treoir don Chreat a léamh, féadann tú dá cheann de na páipéir chúlra a fháil ar an láithreán gréasáin:

- *Children's early learning and development*
- *Perspectives on the relationship between education and care in early childhood.*

Cuirfear dhá pháipéir bhreise ar an láithreán go luath. Baineann siad le spraoi agus measúnú a úsáid chun tacú le foghlaim agus forbairt páistí.

Láithreán gréasáin ACTION

San eagrán deireanach de **info@ncca,** chuala tú faoinár láithreán gréasáin nua – **ACTION**. Ciallaíonn **ACTION** Measúnú, Nuálaíocht sa Churaclaim agus sa Teagasc ar an Idirlíon. Má théann tú chuig **http://action.ncca.ie** is féidir leat féachaint ar roinnt samplaí d'obair daltaí agus múinteoirí. Gheobhaidh tú samplaí de dhea-chleachtas sa seomra ranga freisin i bhfoirm físeanna, íomhánna agus ilmheán éagsúil. Mar thús, tá ábhair ó thrí thionscadal CNCM curtha san áireamh againn:

- *Béarla mar Theanga Bhreise (EAL).*
- *Measúnú chun Foghlama (AfL)*
- *Creatlach TFC*

Beimid ag cur leis an láithreán de réir a chéile. Logáil isteach chun an méid atá ann a fheiceáil, a léamh agus chun éisteacht leis!

Béarla mar theanga bhreise

B'fhéidir gur cuimhin leat gur luamar go raibh na dréacht-treoirlínte do *English as an Additional Language in Irish Primary Schools* (EAL) ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM? Anois tá grianghraif agus físeanna, chomh maith le samplaí d'obair daltaí agus múinteoirí a bhailíomar i scoileanna, le fáil ar ár láithreán gréasáin ACTION (féach thuas). Tacaíonn na hábhair a bailíodh leis an mír 'modhanna teagaisc' sna treoirlínte EAL, agus mar sin is féidir na hábhair *a fheiceáil* in áit iad *a léamh.* Ar aghaidh leat ag cliceáil!

Céard atá ag tarlú sa tsraith shinsearach?

Sin ceist a chuireann múinteoirí agus eile orainn go minic nuair a luaimid an CNCM!

Bhuel anois tá freagraí ar fáil daoibh ar an gcuid den láithreán gréasáin a cruthaíodh go sonrach don tSraith Shinsearach ag **www.ncca.ie/seniorcycle**. Logáil isteach le faisnéis chothrom le dáta a fháil faoi na forbairtí uile sa tsraith shinsearach - tá sé tapa agus éasca do bhealach a dhéanamh. Faigh amach faoi phleananna le haghaidh d'ábhar, príomhscileanna, an líonra scoileanna, aonaid idirthréimhseacha, cúrsaí gearra agus i bhfad níos mó.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi aon cheann de na tionscadail a luaitear ar an leathanach seo, tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin www.ncca.ie.

Chun tuairim a thabhairt faoi info@ncca nó chun ábhair ar chóir dúinn déileáil leo a mholadh, ríomhphost:newsletter@ncca.ie

Bíp...

teachtaireacht faighte

Fóin phóca sa seomra ranga

Ar cheap tú riamh go mbeadh lá ann ina mbeimis ag cur fáilte roimh fhóin phóca sna seomraí ranga? Bhuel, mar thoradh ar thionscadal píolóta a d'úsáid fóin phóca agus comhrá téacs idirlín, b'fhéidir go mbeidh orainn ár ndearcaí a athrú faoina n-úsáid mar uirlisí foghlama...

I gcomhar leis an NCTE (an tIonad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas), rith an CNCM tionscadal píolóta le triúr múinteoir Gaeilge agus a ndaltaí dara bliain i gColáiste Ráth Tó i gCo. na Mí, a rinne staidéar ar úsáid fón póca agus comhrá téacs idirlín do theagasc agus foghlaim na Gaeilge.

Conas a úsáideadh na fóin phóca?

Tugadh fón póca do gach dalta agus d'úsáid siad é chun

- glaoch a chur ar chóras a chuir ceisteanna as Gaeilge
- téacsteachtaireachtaí le focail Ghaeilge a fháil gach uile lá.



Seo mar a d'oibrigh sé. Fuair na daltaí uimhir fóin don chóras a chuir ceisteanna as Gaeilge, agus nuair a chuir siad glaoch air agus nuair a logáil siad isteach le huimhir dalta agus PIN, cuireadh deich gceist randamacha orthu ó liosta fiche ceist. D'fhorbair na múinteoirí Gaeilge a ghlac páirt sa tionscadal píolóta na ceisteanna sin. Le cois sin, fuair daltaí focal Gaeilge amháin gach lá a roghnaíodh go randamach ó bhailiúchán focal agus frásaí a chinn na múinteoirí.



Conas a d'oibrigh na múinteoirí leis an teicneolaíocht?

Logáil na múinteoirí isteach ar chomhéadan gréasán-bhunaithe chun

- éisteacht le freagraí na ndaltaí
- aiseolas a thabhairt
- téacsteachtaireachtaí le focail Ghaeilge a sheoladh

Sábháladh na freagraí agus an t-aiseolas uile chun go mbeadh an múinteoir in ann bileog aiseolais a thaifeadadh agus a chló do dhaltaí faoina gcuid freagraí. Ina ionad sin, bhí daltaí in ann podchraoladh dá bhfreagraí a íoslódáil le haiseolas a múinteoirí san áireamh air.

Comhrá téacs idirlín

An dara teicneolaíocht a ndearnadh scrúdú uirthi ná comhrá téacs idirlín. Ní raibh sé cosúil le gnáth-sheomra comhrá oscailte idirlín; ba spás é ar logáil daltaí isteach air le linn tréimhsí seasta fad agus bhí a múinteoirí ag déanamh monatóireachta orthu.

Thug an múinteoir fócas do gach seisiún comhrá –

- scannán nó amhrán a phlé
- téama scéil le bheith scríofa ag páirtithe comhrá
- comhrá idir siopadóir agus custaiméir feargach
- conas foclóir ó na téacsteachtaireachtaí a úsáid chomh minic agus is féidir ar bhealach ciallmhar.

Agus na daltaí ag comhrá, rinne a múinteoir monatóireacht ar gach abairt. Sábháladh na comhráití uile ionas go mbeadh an múinteoir in ann aiseolas a thabhairt do na dalta uile faoin méid a dúirt siad. Cuireadh bileog aiseolais cosúil leis an gceann a cuireadh ar fáil do fhreagraí na mac léinn ar an bhfón póca ar fáil do na comhráití téacs seo.

Thaitin na fóin phóca agus an comhrá téacs idirlín le múinteoirí agus le daltaí araon. Fuair múinteoirí gur lig an teicneolaíocht dóibh éisteacht le freagraí ó gach daltaí, fiú amháin na daltaí a bhíonn níos ciúine sa rang. Fuair siad freisin go raibh an comhéadan gréasán-bhunaithe níos idirghníomhaí ná peann dearg a úsáid chun aiseolas a thabhairt. Dúirt daltaí 'nach raibh siad chomh neirbhíseach' ag tabhairt freagraí ar cheisteanna ar an bhfón agus a bheidís os comhair a múinteora agus a ranga.

Coinnigh súil ar **infoฉncca** le haghaidh nuachta breise agus má chloiseann tú téacsteachtaireacht á fáil i do scoilse... b'fhéidir nach ann ach focal nua an lae!

Príomhscileanna

Conas a d'éirigh leis na daltaí?

San eagrán deireanach de info@ncca (Aibreán 2007) roinneamar aiseolas ó ghrúpa múinteoirí ón líonra scoile a bhí ag oibriú chun príomhscileanna a leabú isteach ina dteagasc d'ábhair na hArdteistiméireachta. Go dtí seo, ba chleachtadh táirgiúil é do gach aon duine ar ghlac páirt ann agus aontaítear go bhféadtar tairbhí a bhaint leis do mhúinteoirí agus do dhaltaí araon. Ach, an aontaíonn na daltaí? Anois tá sé in am dúinn a chloisteáil conas a bhraith siad faoi na hathruithe ar chleachtas.

Mar iarracht smaoineamh criticiúil agus cruthaitheach a spreagadh i measc daltaí (ceann de na príomhscileanna), d'athraigh múinteoirí ó nótaí a thabhairt amach, ón osteilgeoir agus ó 'chailc agus chaint' a úsáid; ina áit sin d'iarr siad ar dhaltaí teacht ar an bhfaisnéis leo féin agus a nótaí féin a scríobh. Ar dtús, scríobh siad i bhfad an iomarca agus ba léir nach raibh an scil bhunúsach de nótaí a bhreacadh síos acu. Bhí gá le cleachtadh.

'Roimhe seo, bhí mé ag breacadh síos an iomarca faisnéise agus ní an fhaisnéis thábhachtach amháin. Le cabhair mo mhúinteora tuigim anois cé mhéad faisnéise ar chóir a bhreacadh síos.'

Theastaigh cleachtadh uathu freisin maidir le faisnéis a fháil ó nuachtáin, irisí agus ón idirlíon agus fiú maidir le foclóir a úsáid. Mar sin féin, tar éis tráth sách gearr, bhí siad go maith ag breacadh síos nótaí agus ag fáil faisnéise ó fhoinsí éagsúla, agus dúirt siad fiú gur fearr a nótaí féin leo agus go bhféadann 'nótaí ó mhúinteoirí carnadh anuas agus éiríonn siad doiléir'.

De ghnáth, d'oibrigh daltaí leo féin chun brí a bhaint as an bhfaisnéis agus chun na príomhphointí a thaifeadadh. Ansin, i mbeirteanna nó i ngrúpaí, mhínigh siad a smaointe agus d'éist siad le pointí daoine eile. Mar sin, bhí trí dheis acu idirghníomhú leis an bhfaisnéis. Is bealach iontach é an modh seo le foghlaim a dhifreáil, mar is féidir leis na daltaí níos cumasaí a gcuid foghlama a leathnú, fad agus a bhíonn na príomhphointí athluaite ar roinnt bealaí do dhaltaí nach bhfuil chomh cumasach sin. Cúis spéise ná gur thaitin le daltaí oibriú i ngrúpaí agus a gcuid oibre a choimriú mar phríomhphointí. Dúirt dalta amháin 'tuigeann tú agus ní nótaí i leabhar faoi chlúdach crua iad'. Nuair a rinneadh anailís bhreise ba léir gur an rud a spreag iad ná an t-am a bhí acu an fhaisnéis a phróiseáil agus idirghníomhú léi.

'Thaitin sé liom obair ghrúpa a dhéanamh mar is féidir cabhrú lena chéile nuair nach dtuigeann tú rud éigin. Faigheann tú go leor idéanna éagsúla freisin.'

Ba léir gur theastaigh ó na daltaí ardteistiméireacht mhaith a dhéanamh agus bhraith siad go raibh tuiscint níos fearr acu ar ábhair toisc go raibh freagracht níos mó orthu as a gcuid foghlama. Dúirt dalta Fraincise,

'Is breá liom a bheith in ann taighde a dhéanamh ar m'ábhar agus é a chur i láthair ar an mbealach is fearr liom féin. Nuair a rinne mé mo thaighde féin ar ábhar, bhraith mé gur fhoghlaim mé níos fearr é. Shoiléirigh an taighde go leor ceisteanna a bhí agam.'

Mhínigh dalta eile, 'trí mo nótaí féin a dhéanamh, bhraith mé go raibh mé in ann é a dhéanamh níos fearr agus gur thuig mé cén fhaisnéis sna caibidlí ar chóir dom cuimhneamh uirthi'.

Bhain daltaí úsáid as modhanna éagsúla le nótaí a bhreacadh síos agus bhain cuid mhaith acu úsáid as mapáil aigne. D'aontaigh múinteoirí agus daltaí nach n-oibríonn sé má 'thugtar' mapa aigne duit. Oibríonn sé, áfach, má bhailíonn an dalta an fhaisnéis agus má fhaigheann sé/sí tuiscint uirthi sula gcruthaíonn sé/sí a m(h)apa aigne féin. Dúirt múinteoir amháin:

'Cabhraíonn mapaí aigne agus léaráidí leis na daltaí níos laige mar tugann sé struchtúr sainmhínithe dóibh ar féidir leo é a úsáid chun an fhoghlaim a eagrú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go n-oibríonn siad leo féin mar ní féidir le haon duine ach iad féin luas na hoibre a rialú.'

Fuair roinnt daltaí gur chabhraigh sé leo léaráidí a tharraingt:

'Fuair mé faisnéis ó leabhair, ón scoil, ón idirlíon, ó chairteacha, srl. Bhailíomar ár bhfaisnéis, bhriseamar síos é...ar bhealach a gcuimhneoimis uirthi, mar shampla trí léaráidí (lipéadaithe), pointí urchair d'fhaisnéis thábhachtach.'

Ba eispéireas dearfach é do na daoine a raibh baint acu leis an gcleachtadh líonra scoile seo freagracht as a bhfoghlaim féin a leagan ar dhaltaí. Thuairiscigh múinteoirí go raibh ranganna níos taitneamhaí agus dúirt daltaí go raibh an fhoghlaim níos suimiúla, ach beidh an focal scoir ag múinteoir a mhíníonn an t-eispéireas mar seo a leanas:

'Bhí an chuma air gur thaitin sé le daltaí gur chuir mé faisnéis i láthair ar bhealaí éagsúla, m.sh. trí PowerPoint/ailt nuachtáin a úsáid agus bhí orthu gníomhaíocht a dhéanamh freisin ina raibh orthu DNA a dhíchódú isteach i bpróitéin. Gan amhras, mar thoradh air seo teastaíonn uaim athrú ón modh teagaisc traidisiúnta bunaithe ar 'nótaí' mar fuair mé aiseolas dearfach agus cé go raibh níos mó cainte sa rang, bhain an chuid is mó dá gcuid cainte leis an ábhar a bhí á theagasc.'

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi fhorbairtí sa tsraith shinsearach: **www.ncca.ie/seniorcycle**.

Mapaí Coincheapa

Is uirlis úsáideach í mapa coincheapa a chabhraíonn le daltaí teacht ar idéanna nua nó ábhair chasta a thuiscint. Cabhraíonn sé le daltaí smaoineamh criticiúil agus cruthaitheach a dhéanamh.

Cén fáth ar chóir mapaí coincheapa a úsáid?

- Chun idéanna a ghiniúint (tobsmaointeoireacht)
- Chun idéanna casta a chur in iúl
- Mar bhealach chun nótaí a eagrú
- Chun cabhrú le foghlaim trí eolas nua agus sean-eolas a chomhtháthú
- Chun tuiscint a mheasúnú nó chun míthuiscint a dhiagnóisiú
- Mar áis staidéir nó athbhreithnithe.

Céimeanna i dtógáil mapa choincheapa

- Tobsmaointeoireacht le rang nó i ngrúpaí beaga chun na focail/siombail/pictiúir thábhachtacha a liostú.
- Na focail agus na siombail a eagrú i ngrúpaí.
- Cinneadh conas an mapa a leagan amach.
- Na coincheapa a nascadh le focail nó frásaí.
- Téigh ar ais agus atheagraigh é i ndiaidh plé ionas go ndéanfaidh sé ciall.
- Tógann gach duine a leagan féin den mhapa.

Ag pleanáil ranga le mapáil

- Caithfidh an múinteoir an próiseas a shamhaltú.
- Ní mór do na daltaí uile an fhaisnéis a thuiscint.
- Tosaigh le hábhar simplí agus úsáid é le haghaidh ábhar níos casta de réir a chéile.
- Níl aon fhreagra ceart amháin, 'oibríonn' mapa gach daltaí dó/di féin. Is doiciméad foghlama pearsanta é.

Buntáistí an mhapála do dhaltaí

Sainmhíníonn sé an idé lárnach go soiléir

- Léiríonn sé tábhacht faoi seach gach idé
- Nascann sé smaointe, go háirithe i scríobh aistí
- Tá an fhaisnéis uile faoi thopaic amháin ar leathanach amháin
- Is féidir cuimhneamh agus athbhreithniú níos éifeachtaí a dhéanamh
- Is féidir faisnéis bhreise a chur leis níos déanaí
- Is féidir caidrimh chasta idir idéanna a fheiceáil
- Is féidir frithráite, frithchosúlachtaí agus bearnaí san ábhar a fheiceáil
- Is féidir é a úsáid mar uirlis phlé agus chun foghlaim a roinnt le daoine eile.

Le tuilleadh faisnéise agus naisc le bogearraí saor in aisce féach ar:
http://en.wikipedia.org/wiki/Concept_map

Difreáil

> **Éiríonn go maith le daltaí sár-chumasacha is cuma cé na cúinsí ina mbíonn siad!**

> **Bíonn daltaí sár-chumasacha chomh cliste go n-éiríonn go maith leo le soláthar oideachais speisialta nó gan é!**

Mar a léirítear thuas, is é an íomhá thipiciúil den dalta sár-chumasach ná íomhá d'oibreoir dian a chríochnaíonn obair go díograiseach agus a bhfuil cáil air nó uirthi mar dhuine cliste an ranga. De réir na samhla sin, tá an dalta sin féintuilleamaíoch agus ní gá aird ar leith a thabhairt air nó uirthi. I bhfírinne, áfach, tá an scéal i bhfad níos casta.

Ní grúpa aonchineálach iad na daltaí sár-chumasacha agus uaireanta is deacair fiú iad a aithint. Nuair a aithníonn múinteoir go bhfuil dalta sár-chumasach ina rang, glactar leis go minic go n-éireoidh thar barr leis an dalta sin i gcónaí gan aon soláthar speisialta. I ndáiríre, áfach, in áit iad a fhágáil ag obair leo féin, bíonn daltaí sa chatagóir seo i gcontanam na ndaltaí le riachtanais oideachais speisialta. Mar sin féin, i bhformhór na gcásanna, is fearr freastal ar a riachtanais mar chuid den ghnáthsholáthar difreáilte sa seomra ranga.

Má chiallaíonn 'difreáil' teagasc a dhéanamh a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla na ndaltaí éagsúla, i gcás na ndaltaí sár-chumasacha, ba chóir dó deiseanna ard-oideachais a chur ar fáil laistigh den churaclam agus lasmuigh de. B'fhéidir go bhfuil an chuma air go mbaineann dúshlán mór le teagasc difreáilte ach is féidir é a phleanáil agus a eagrú sa seomra ranga ar go leor bealaí éagsúla. Thíos, déanaimid cur síos ar roinnt bealaí inar féidir leat cabhrú le foghlaim a struchtúrú do dhaltaí sár-chumasacha trí fhreastal ar a riachtanais ar leith.



info@ncca

Ag freastal ar dhaltaí sár-chumasacha

De réir taisc

Leagtar amach tascanna éagsúla a bhaineann leis an ngníomhaíocht chéanna. Féadann daltaí sár-chumasacha tosú ag leibhéal níos airde, gan na gníomhaíochtaí tosaigh a dhéanamh nó an obair a dhéanamh ar luas méadaithe. Uaireanta ciallaíonn sé sin go seachnaíonn siad roinnt den obair.

Tairbhí

Féadann daltaí sár-chumasacha dul chun cinn an-tapa a dhéanamh agus féadtar obair a thabhairt dóibh a théann lena gcuid inniúlachtaí, agus féadann daltaí nach bhfuil chomh cumasach sin dul chun cinn cuí a dhéanamh ag an am céanna. Féadtar na tascanna a chéimniú chun go mbogfaidh na daltaí sár-chumasacha ar aghaidh chuig obair níos deacra agus níos deacra.

De réir toraidh

Úsáidtear an fhaisnéis, an t-ábhar, an spreagadh nó an tasc céanna do na daltaí uile sa rang. Bíonn an toradh is fearr ar an modh seo nuair nach mbíonn toradh na hoibre forordaithe nó nuair a bhíonn críoch an taisc neamhiata.

Tairbhí

Féadtar torthaí éagsúla a lorg chun cabhrú le daltaí sár-chumasacha a smaointeoireacht a leathnú. Féadann baill an ranga oibriú leo féin nó i ngrúpaí.

De réir acmhainne

Cuirtear cineálacha éagsúla ábhar ar fáil do bhaill éagsúla an ranga. Féadann an rang uile freagraí a thabhairt ar na ceisteanna céanna nó taighde a dhéanamh ar an bhfaisnéis chéanna ach freastalaíonn na hacmhainní a chuirtear ar fáil ar a n-inniúlachtaí féin. D'fhéadfadh níos lú téacs agus níos mó léaráidí a bheith i gceist le hobair níos éasca. D'fhéadfadh níos mó téacs agus struchtúr níos saibhre, níos casta a bheith i gceist le hacmhainní níos dúshlánaí. Féadann daltaí sár-chumasacha bainc focal, comhaid sonraí nó bainc íomhánna níos casta a úsáid.

Tairbhí

Is féidir le daltaí sár-chumasacha taighde níos doimhne a dhéanamh ar na hidéanna seo agus leathnófar a scileanna smaointeoireachta. Beidh daltaí nach bhfuil chomh cumasach in ann torthaí comhchosúla a bhaint amach mar beidh acmhainní níos éasca acu.

De réir plé

Is é an difreáil is comónta an difreáil de réir plé. Is minic nach gá ach imlíne bunúsach den obair a mhíniú do dhaltaí sár-chumasacha. Féadann an míniú sin a bheith sách sofaisticiúil, ag leagan amach ionchais arda agus ag glacadh leis go bhfuil leibhéal ard tuisceana ag na daltaí. Bíonn míniú iomlán ag teastáil ó dhaltaí nach bhfuil chomh cumasach, le heiseamláirí níos mionchruinne agus b'fhéidir fiú léiriú breise de na hidéanna agus na hionchais a bhíonn i gceist. Is féidir dúshlán a thabhairt freisin trí cheisteanna spriocdhírithe a chur chun raon freagraí éagsúla a fháil, lena n-áirítear freagraí ard-leibhéil ó dhaltaí sár-chumasacha agus ó agallaimh i ngrúpaí beaga.

Tairbhí

Is féidir le daltaí sár-chumasacha dul chun cinn níos mó a dhéanamh nuair a spreagtar dóibh leibhéal níos airde tuisceana a fháil agus bogadh ar aghaidh chuig tascanna níos dúshlánaí chomh luath agus is féidir leo. Úsáideann an múinteoir teanga dhifreáilte chun dúshlán a thabhairt do smaointeoireacht an luchta shár-chumasaigh agus chun leibhéal na smaointeoireachta agus na díospóireachta a ardú.

De réir tacaíochta

Teastaíonn an leibhéal céanna tacaíochta ón múinteoir ó gach aon dalta. I gcás na ndaltaí sár-chumasacha, ní mór nádúr na tacaíochta sin a éagsúlú. D'fhéadfaí an t-am tacaíochta atá ar fáil do dhaltaí sár-chumasacha a úsáid chun ceisteanna a chur ar na daltaí, chun iad a spreagadh le hidéanna a thaiscéaladh ar bhealach níos doimhne, chun bealaí éagsúla a thaispeáint dóibh le hobair a dhéanamh nó chun féachaint ar conas leathnú isteach i gcórais TFC.

Tairbhí

Tá obair na múinteoirí níos dírithe ar riachtanais aonair agus méadóidh sé leibhéal na hidirghníomhaíochta.

De réir luais

Éiríonn go han-mhaith le roinnt daltaí sár-chumasacha nuair a iarrtar orthu obair a dhéanamh ar luas ard, mar ní gá na céimeanna beaga uile a mhíniú dóibh. Is féidir leo an chéad chéim eile sa phróiseas a rianú dóibh féin. Is minic a bhíonn siad in ann tuiscint thapa a fháil ar thascanna casta agus bogadh trí chéimeanna luatha go han-tapa. I gcontrárthacht, i gcásanna áirithe oibríonn daltaí sár-chumasacha ar luas níos maille agus táirgeann siad obair níos faide, níos mionchruinne nó níos casta go díograiseach. Tarlaíonn sé sin go minic i gcás obair chruthaitheach nó obair shamhlaíche.

Tairbhí

Nuair a iarrtar orthu oibriú ar luas ard, bogann roinnt daltaí sár-chumasacha ar aghaidh chuig obair ar leibhéal ard go tapa agus mar sin síneann siad a gcuid inniúlachtaí. I gcontrárthacht, nuair a ligtear dóibh níos mó ama a chaitheamh ar thascanna, féadann siad leibhéil ghnóthachtála níos airde agus torthaí atá níos 'críochnaithe' nó níos airgthí a bhaint amach.

De réir rogha

Má thugtar deis dóibh obair a roghnú dóibh féin, féadann daltaí gníomhaíochtaí a mbíonn spéis níos mó acu iontu a roghnú a théann lena gcuid inniúlachtaí. Féadtar deis a thabhairt do dhaltaí roghnú ó raon pointí tosaithe, ábhar, ceisteanna nó próiseas. Féadann siad a roghnú freisin an obair a leathnú nó a oiriúnú dóibh féin.

Tairbhí

Féadann daltaí sár-chumasacha roghanna a dhéanamh agus oibriú le hidéanna a fhreastalaíonn ar a suimeanna, a spreagthachtaí agus a n-inniúlachtaí.

San alt gearr seo bhíomar in ann léargas gairid a thabhairt duit ar bhealaí inar féidir le teagasc difreáilte cabhrú le daltaí sár-chumasacha. Faoin am seo, tá cóip de *Guidelines for teachers of exceptionally able students,* na treoirlínte ar tháinig an chomhairle seo astu, faighte ag do scoil. Féadtar na treoirlínte a íoslódáil ó láithreán gréasáin na CNCM freisin ag **www.ncca.ie/publications**.

Tástáil Chaighd

Le tús na scoilbhliana nua, b'fhéidir go bhfuil tú ag smaoineamh cheana faoi thástálacha caighdeánaithe a úsáid le do rang a dó nó rang a cúig. Leis sin, buaileann smaoineamh ar thástálacha a mharcáil agus a scóráil... agus tuiscint a fháil ar céard a chiallaíonn na scóir i ndáiríre... ansin caithfear an fhaisnéis a roinnt le tuismitheoirí...fáilte ar ais chuig an ngnáthshaol! Ná bí buartha, áfach, tá cabhair ar fáil mar táimid chun tú a threorú tríd an bpróiseas. Agus an rud is fearr faoi ná nach mbeimid ag cur ceisteanna ort ag an deireadh.

Céard í tástáil chaighdeánaithe?

Ar go leor bealaí, mínionn a hainm céard atá i gceist léi. Is tástáil í tástáil chaighdeánaithe a bhíonn riartha, scóráilte agus mínithe ar an mbealach céanna is cuma cén uair ná cá háit a gcuirtear í. An aidhm atá léi ná fáil amach faoi dhul chun cinn gach páiste i gcomparáid lena g(h)rúpa ranga nó (h)aoisghrúpa ar bhealach foirmiúil. Nuair a riartar tástálacha faoi réir na gcoinníollacha seo (a leagtar amach sna lámhleabhair tástála) is féidir linn caighdeáin feidhmíochta ar a dtugtar *noirm* a úsáid chun comparáid a dhéanamh idir na páistí.

Gan amhras, is é an chúis go bhfuil an tástáil chaighdeánaithe i mbéal an phobail ná go gcaitheann scoileanna tástálacha sa léamh agus sa mhatamaitic a chur ar pháistí anois ag deireadh rang a haon nó ag tús rang a dó agus arís ag deireadh rang a ceathair nó ag tús rang a cúig.

Na pointí is tábhachtaí faoi scóir na dtástálacha caighdeánaithe

Agus tástáil curtha ar na páistí i do rang, tá torthaí léimh agus/nó matamaitice os do chomhair amach. Cad a dhéanann tusa leo? Bhuel, sula ndéanann tú aon rud leo, is fiú cuimhneamh ar roinnt pointí tábhachtacha:

- Ar dtús, ba chóir don pháiste tairbhe a bhaint as measúnacht an mhúinteora.
- Sa dara háit, níl i dtoradh na tástála caighdeánaithe ach píosa amháin den fhaisnéis mheasúnachta atá agat faoi fhoghlaim an pháiste.
- Sa tríú háit, faoi láthair níl tástálacha caighdeánaithe againn ach sa litearthacht agus san uimhearthacht. Mar sin féin, toisc go gcuireann scileanna litearthachta an pháiste ar a c(h)umas rochtain a fháil ar an gcuraclam iomlán, bíonn impleachtaí suntasacha ag na scileanna sin ar fhoghlaim an pháiste ar scoil.

Nuair a dhéanann tú athbhreithniú ar thorthaí na dtástálacha ar dtús, féachfaidh tú ar scaipeadh (nó dáileadh) na scór agus beidh súil agat scaipeadh scór trasna an ranga a fheiceáil. I ndáiríre, má mhúin tú an rang le linn na bliana, seans maith go mbeidh a fhios agat roimh ré cé hiad na páistí a mbeidh scóir acu ag barr agus ag bun an liosta agus cé hiad na páistí a mbeidh scóir sa lár acu.

Is cúis éadóchais í uaireanta má tá meánscóir ísle ag formhór na bpáistí tar éis duit obair dhian a dhéanamh leis an rang ar feadh na bliana. Mar sin féin, tá sé tábhachtach féachaint ar phatrúin i dtorthaí na dtástálacha, ní amháin i bhfeidhmíocht páistí aonair ach i bhfeidhmíocht na bpáistí agus na scoile tríd is tríd. Cé gur féidir leatsa anailís a dhéanamh ar na torthaí chun aon treochtaí laistigh den rang a aithint, bainfidh an fhoireann uile tairbhe as féachaint ar aon phatrúin atá le feiceáil ar fud na scoile.

Torthaí na dtástálacha a thuairisciú do thuismitheoirí

Mar atá ar eolas agat, ceann de na dúshláin a bhaineann le scóir thástálacha caighdeánaithe a roinnt le tuismitheoirí ná na scóir a roinnt leo ar bhealach a chuireann ar a gcumas tuiscint iomlán a fháil ar céard a chiallaíonn an scór sin i gcomhthéacs dhul chun cinn laethúil an pháiste sa seomra ranga. Arís,

SCÓR AMH ↓

Comhaireamh simplí de líon na gceisteanna ar thug an páiste freagraí cearta orthu. Níl sé an-úsáideach ó thaobh fheidhmíocht an pháiste a thuairisciú.

SCÓR CAIGHDEÁNAITHE ↓

Is claochluithe de scóir amha iad na scóir chaighdeánacha agus de ghnáth téann siad ó 55 go 145 le meánscór 100.

ORD PEIRCINTÍLE ↓

Baineann an t-ord peircintíle le céatadán an ranga nó an aoisghrúpa ábhartha a fuair scór mar an gcéanna le nó níos lú ná scór an pháiste seo. Ní hionann é agus céatadán na míreanna tástála ar thug an leanbh freagraí cearta orthu.

SCÓR STEN

Is scála deich bpointe iad scóir STEN ina bhfuil 1 cothrom leis an gcatagóir is ísle agus 10 cothrom leis an gcatagóir is airde. Faightear na scóir sin ó na scóir chaighdeánacha.

info@ncca

eánaithe

Áit na tástála caighdeánaithe i dteagasc agus i bhfoghlaim

tá cúnamh ar fáil duit. Tá bileog do thuismitheoirí forbartha ag an CNCM a mhíníonn céard a chiallaíonn scóir na dtástálacha caighdeánaithe agus is féidir í a íoslódáil ónár láithreán gréasáin **www.ncca.ie**. D'fhéadfadh sí a bheith mar áis úsáideach duit agus na scóir á bplé le tuismitheoirí.

Is féidir scóir na dtástálacha féin a chur in iúl ar roinnt bealaí éagsúla, agus is é an bealach is inrochtana (a mholann an CNCM sna *Assessment Guidelines* atá á n-eisiúint do scoileanna faoi láthair) ná na scóir Sten a thuairisciú. Is féidir iad sin a ionannú le leibhéil ghnóthachtála mar a léirítear sa tábla thíos:

Trí na tuairisceoirí anseo a úsáid i dteannta an scóir Sten, beidh sé i bhfad níos éasca toradh an pháiste a mhíniú do thuismitheoirí, mar a léirítear sna heiseamláirí ar leathanach 12 a léiríonn conas is féidir raonta éagsúla torthaí a chur in iúl. Baineann an chéad eiseamláir le scór Sten 'meánach ard' sa mhatamaitic a thuairisciú ag deireadh rang a ceathair agus baineann an dara ceann le scór 'meánach íseal' a thuairisciú do léamh sa Bhéarla ag deireadh rang a haon.

Beidh taifead de scóir an pháiste, lena n-áirítear an scór amh, an scór caighdeánaithe agus an t-ord peircintíle, ag an múinteoir ach is é an bealach is éifeachtúla leis na torthaí a chur in iúl do thuismitheoirí ná an scór Sten agus an tuairisceoir lena mbaineann a thuairisciú.

Scóir Sten agus tuairisceoirí

Raon na Scór Caighdéanach	Raon na Scór Sten	Tuairisceoir	Clúdach
115 agus os a chionn	8-10	I bhfad os cionn an mheáin	Séú is airde na bpáistí
108-114	7	Meánach ard	Aon séú na bpáistí
93-107	5-6	An Meán	Trian lárnach na bpáistí
85-92	4	Meánach íseal	Aon séú na bpáistí
85 agus faoina bhun	1-3	Cuid mhaith faoin meán	Séú is ísle na bpáistí

Eiseamláir 1

Rinne Niall tástáil chaighdeánaithe sa Mhatamaitic i mí an Mheithimh ag deireadh rang a ceathair. Is iad seo a leanas na scóir a fuair sé:

Scór amh	Scór caighdeánaithe	Ord peircintíle	Scór Sten
55	113	81	7

Ag an gcruinniú tuismitheora/múinteora, mhínigh Éamonn, múinteoir Niall, torthaí na tástála do mháthair Niall. Dúirt sé gur éirigh go han-mhaith le Niall sa tástáil. Dúirt sé gur thoradh 'meánach ard' é scór Sten 7, agus go ndeachaigh sé le torthaí na dtástálacha caighdeánaithe le roinnt blianta anuas, agus le feidhmíocht Niall i dtástálacha seomra ranga deartha ag an múinteoir.

D'aithin Éamonn gur chóir do Niall roinnt airde a thabhairt ar réiteach fadhbanna. Dhearbhaigh roinnt míreanna míchearta sa tástáil agus nótaí a bhreac Éamonn síos le linn a ghnáthbhreathnóireachta sa seomra ranga é sin. Mhínigh Éamonn do mháthair Niall go bhféadfadh sí cabhrú le Niall sa bhaile. Mhínigh sé roinnt de na straitéisí réitigh fadhbanna a d'úsáid Niall sa rang agus ar féidir a mholadh dó iad a úsáid san obair bhaile. Dúirt sé freisin go dtabharfaidh sé a chomhairle faoi sin, chomh maith le torthaí na tástála, do mhúinteoir Néill i rang a cúig.

Eiseamláir 2

Rinne Ciara tástáil chaighdeánaithe i Léamh an Bhéarla ag deireadh rang a haon. Is iad seo a leanas na scóir a fuair sí:

Foclóir Léimh				Léamhthuiscint				Léamh san Iomlán			
RS	SS	Sten	PR	RS	SS	Sten	PR	RS	SS	Sten	PR
15	88	4	21	14	87	4	19	29	88	4	21

RS = Scór Amh SS = Scór Caighdeánach PR = Ord Peircintíle

Nuair a bhuail an múinteoir le hathair Ciara, mhínigh sí torthaí na tástála dó. Dúirt sí gur léirigh toradh Ciara go mb'fhéidir go mbeadh teagasc breise sa Bhéarla ag teastáil uaithi, go háirithe i bhfoclóir léimh, mar fuair sí scór Sten meánach íseal sa réimse sin. Bhí an scór léamhthuisceana a fuair sí cosúil leis sin, agus meánach íseal freisin. Dúirt an múinteoir go molfadh sí go mbuailfeadh Ciara leis an múinteoir Tacaíochta Foghlama i ndiaidh an tsamhraidh chun tástáil dhiagnóisithe a dhéanamh a thabharfadh tuiscint níos fearr ar a riachtanais foghlama sa réimse seo.

Gheallamar gan aon cheist a chur ag deireadh an ailt seo, ach b'fhéidir go bhfuil ceisteanna agaibh le cur orainn. Seol chuig **newsletter@ncca.ie** iad.

“Nuair a bhuail an múinteoir le hathair Ciara, mhínigh sí torthaí na tástála dó. Dúirt sí gur léirigh toradh Ciara go mb'fhéidir go mbeadh teagasc breise sa Bhéarla ag teastáil uaithi, go háirithe i bhfoclóir léimh…”

Déanfaimid spraoi Ag foghlaim trí spraoi

Scoilbhliain nua agus go leor aghaidheanna nua os do chomhair amach agus na naíonáin bheaga ag cur túis lena n-éacht mhór. Bíonn eispéiris spreagúla ag an lucht scoile óg seo mar thoradh ar shuímh nua. Uaireanta, bíonn na heispéiris sin aisteach agus dúshlánach, ach ní gá é sin. Mar mhúinteoirí naíonáin, rud amháin atá ar eolas againn faoi páistí 4, 5 agus 6 bliana d'aois ná gur breá leo spraoi a dhéanamh. Agus nach spraoi an bealach is fearr chun tacú lena gcuid foghlama?

> **"Mar mhúinteoir, tá ról an-tábhachtach agat maidir le tacú le foghlaim páistí trí spraoi agus an fhoghlaim sin a leathnú..."**

Céard é sin? Spraoi a dhéanamh le 30 naíonán i mo sheomra ranga? Conas a eagróidh mé é gan chúis a chur le hanord iomlán? Céard a cheapfaidh a dtuismitheoirí? Nó b'fhéidir go bhfuil imní ort mar má chaitheann siad an lá ar fad ag déanamh spraoi in áit obair a dhéanamh ní bheidh siad ag foghlaim? Ar go leor bealaí, is é spraoi obair páistí, agus má bhíonn tú dáiríre faoi, ansin tuigfidh na páistí agus na tuismitheoirí a luach freisin.

Mar mhúinteoirí, is cinnte go dtuigimid cheana luach an spraoi in oideachas na luathóige. Tá an spraoi mar bhunchloch na foghlama luaithe agus is ceart an pháiste é faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh (1992). Leagann *Curaclam na Bunscoile* agus an *Creat don Luath-Fhoghlaim* araon (a bheidh críochnaithe go luath) béim ar an spraoi mar bhealach nádúrtha ar a bhfoghlaimíonn páistí. Chomh maith leis sin, mar chuid den *Chreat don Luath-Fhoghlaim*, choimisiúnaigh an CNCM páipéar cúlra ar *Play as a context for early learning and development*. Leagann an páipéar sin, ar féidir é a íoslódáil ó **www.ncca.ie/publications**, béim ar thábhacht chriticiúil an spraoi, laistigh agus lasmuigh, d'fhorbairt iomlánaíoch páistí. Luann an páipéar dearcaí páistí faoin ábhar sin freisin. Nuair a chuirtear ceist orthu faoin spraoi, labhraíonn páistí faoin tábhacht a bhaineann le taitneamh a bhaint as an spraoi, bheith le cairde, gníomhaíochtaí a roghnú, súgradh le hábhair neamhiata agus a bheith lasmuigh.

Mar mhúinteoir, tá ról an-tábhachtach agat maidir le tacú le foghlaim páistí trí spraoi agus an fhoghlaim sin a leathnú. Ná dearmad:

- Tá an spraoi agus taithí ar rudaí dóibh féin tábhachtach do dhea-bhraistint páistí.
- Cabhraíonn an spraoi le páistí naisc a dhéanamh agus brí a bhaint as a n-eispéiris agus a ndomhan.
- Trí spraoi, is féidir le páistí an méid a d'fhoghlaim siad sa bhaile, lena gcúramóirí páistí agus/nó sa suíomh blianta luatha a fhorbairt agus a leathnú ar scoil.
- Tá gaolmhaireachtaí agus teanga mar chomhábhair phríomhúla an spraoi.
- Bíonn an méid a fhoghlaimíonn páistí nasctha le cá háit, conas agus cé leis a bhfoghlaimíonn siad. Bíonn spraoi sa seomra ranga éagsúil ag brath ar an timpeallacht, na páistí, a dteaghlaigh, a gcúlra sóisialta agus cultúrtha agus ortsa – a múinteoir. Bíonn tionchar ag do dhearcaí, chreidimh agus stíleanna teagaisc ar pháistí agus a spraoi.
- Ní mór do pháistí dul i dtaithí ar chineálacha éagsúla spraoi chun go bhforbróidís ar an mbealach is fearr. Tugaimid roinnt idéanna faoi na cineálacha éagsúla spraoi níos déanaí san alt seo.
- Tá sé tábhachtach meascán de ghníomhaíochtaí spraoi tionscanta ag daoine fásta agus tionscanta ag páistí a chur ar fáil; tá sé tábhachtach a bheith in ann gníomhaíochtaí a roghnú agus a thionscnamh trí spraoi saor.
- Caithfidh leanaí spraoi a dhéanamh mar dhaoine aonair, i mbeirteanna, i ngrúpaí beaga, agus uaireanta i ngrúpa mór.

Déanann an t-alt seo moltaí faoi conas do sheomra ranga a eagrú agus conas gníomhaíochtaí agus eispéiris foghlama a mhúnlú chun cur ar do chumas an leas is fearr a bhaint as grá páistí ar an spraoi agus a ngá spraoi a dhéanamh.

An spraoi a chuimsiú i do ghnáthaimh agus gníomhaíochtaí laethúla

Chun spraoi a dhéanamh, go háirithe le grúpaí níos mó páistí nó nuair a bhíonn roinnt ranganna éagsúla i gceist, ní mór rudaí a eagrú go cúramach. Seo a leanas tá roinnt idéanna praiticiúla a d'fhéadfadh cabhrú leat.

- Mura bhfuil mórán spáis ann, roinn na páistí i ngrúpaí beaga. Ná lig ach do ghrúpa amháin péinteáil nó súgradh leis an ngaineamh/uisce ag an am céanna. Déan gníomhaíochtaí a rothlú ar bhonn laethúil/seachtainiúil/coicísiúil.
- Bain an úsáid is fearr as na daoine éagsúla atá ann chun cabhrú leat – tuismitheoirí, daoine ar thaithí oibre, daltaí idirbhliana. Leathnaíonn cabhair bhreise líon na ndeiseanna spraoi ar féidir a chur ar fáil.
- Roinn do sheomra i réimsí nó cúinní spéise, mar shampla réimse práisciúil/ealaíne/mangarae, réimse ina ligeann páistí orthu gur daoine eile iad, réimse ciúin/leabharlainne, réimse ceoil agus gluaiseachta, réimse tógála. Is féidir teorainneacha a leagan amach trí sheilfeanna ísle nó roinnteoirí a úsáid. Lipéadaigh na réimsí le grianghraif, agus más féidir, le comharthaí i dteangacha uile na bpáistí sa rang.
- Cuir trealamh/ábhair nua suimiúla isteach go rialta. Ní gá go mbainfeadh costas mór leis sin. Is féidir péinteáil a dhéanamh ar rollaí de bhallapháipéar! Bain athúsáid as ábhair teaghlaigh sa réimse ina ligeann páistí orthu – triomadóir gruaige leis an sreang gearrtha de, fíor-mhiosúr, seanphota tae nó caife. Ceannaigh éadaí babaithe ón siopa carthanachta. Smaoinigh ar shábháilteacht! Seiceáil iad le haghaidh corr garbh nó pointeáilte agus píosaí nó cnaipí scaoilteacha.
- Ní mór do pháistí spraoi a dhéanamh laistigh agus lasmuigh. Céard faoi roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh lasmuigh? Céard faoi phéinteáil a dhéanamh lasmuigh nó caifé lasmuigh a chruthú do rólghlacadh? Is féidir formhór na rudaí a dhéanann tú laistigh a dhéanamh lasmuigh freisin (fiú amháin nuair atá sé fuar) – corpoideachas, tionscadal ealaíne grúpa, súgradh le gaineamh, forbairt gairdín do na naíonáin, lorg béisteanna beaga. Le níos mó spáis bíonn níos mó spraoi.
- Éascaigh an glanadh suas i ndiaidh an spraoi do gach duine trí rudaí a stóráil sna háiteanna céanna i gcónaí, i réimsí a bhfuil rochtain ag páistí orthu. Bain úsáid as boscaí agus ciseáin stórála agus cuir lipéid shoiléire orthu le pictiúir agus le focail (arís i dteangacha na bpáistí uile). Nasc an glanadh suas leis an eispéireas foghlama trí amhrán faoin nglanadh suas a chanadh nó trí na boscaí a líontar a chomhaireamh.

Déanann na táblaí ar dheis cur síos ar roinnt de na cineálacha spraoi a mbaineann páistí sult astu, agus ar idéanna faoi conas gníomhaíochtaí a eagrú.

Cineálacha spraoi	Naisc le Curaclam na Bunscoile	Cad é an trealamh/na hacmhainní ar ghá dom iad a sholáthar do na cineálacha éagsúla spraoi?	Cad is gá dom a dhéanamh chun na cineálacha éagsúla spraoi a chur chun cinn?	Conas is féidir liom rannpháirteachas tuismitheoirí a spreagadh?	Gníomhaíochtaí/eispéiris eiseamláire
Spraoi ina ligeann páistí orthu/ samhlaíoch/ rólghlacaidh/ fantasaíochta/ domhain bheag	Teanga Matamaitic OSPS OSIE Oideachas sna hEalaíona	Fearais ón mbaile (fíor-threalamh cistine, scáthán), bialann, siopa bláthanna, oifig (seanfhóin phóca), oifig an phoist, gníomhairí taistil, trealamh ospidéil Éadaí le gléasadh suas Bábóga, puipéid, bréagáin bhoga Ábhair domhain bheag-daoine, gluaisteáin, ainmhithe, foirne traenacha. Ábhair ó chultúir éagsúla-uirlisí cócaireachta, pacáistí bia, éadaí.	Breathnaigh ar na páistí agus glac páirt sa spraoi nuair a fhaigheann tú cuireadh nó nuair is féidir leat ionchur dearfach a dhéanamh. Cuir leis an spraoi, ná stiúir é. Leathnaigh agus athraigh na fearais chun gur féidir scéalta éagsúla a insint leo. Déan cinnte go mbraitheann na páistí uile go mbíonn siad rannpháirteach agus go bhféachann siad eispéiris a dteaghlach/a bpobal ann.	Iarr orthu fearais a thabhairt duit. Inis dóibh céard atá ar siúl agus céard atá á fhoghlaim ag páistí. Tóg grianghraif agus scríobh scéalta faoin spraoi ar féidir le páistí iad a thabhairt abhaile leo. Tabhair cuireadh do thuismitheoirí teacht chun labhairt faoina bpoist – feirmeoir, comhraiceoir dóiteáin, altra, maor trách na scoile, úinéir siopa sceallóga prátaí.	Bunaigh siopa bróg le bróga éagsúla, airgead, miosúr cairtchláir. Féadann páistí cosa a thomhas, airgead a chomhaireamh, bróga éagsúla a chur orthu. Cruthaigh lialann/ospidéal. Féadann páistí ligean orthu gur dochtúirí, altraí, othair, tiománaithe otharchairr, cógaiseoirí iad agus foghlaim faoi na daoine sa phobal a chabhraíonn linn. Cuir pacáistí bia agus uirlisí cócaireachta éagsúla sa réimse baile, agus iarr ar na páistí bialann a bhunú. Is féidir leo glacadh le horduithe, an bia a chócaráil agus a chur ar fáil, an t-airgead a bhailiú nó bheith mar fhreastalaí, custaiméir nó cócaire. Cabhraigh le páistí spásárthach a dhéanamh le bosca mór agus go leor ábhar mangarae. Ansin is féidir le páistí ligean orthu go bhfuil siad sa spás, agus aithne a chur ar an ngrianchóras, réaltraí agus réaltaí éagsúla agus mar sin de.

Spraoi a dhéanamh le hábhair nádúrtha	Teanga Matamaitic OSPS OSIE Oideachas sna hEalaíona	Gaineamh, uisce, clocha, duilleoga, spris, piseánaigh, gránphlúr, pasta, bláthanna, féar, cleití, cré, taos, adhmad Trealamh chun ábhair a dhoirteadh, a thomhas, a ghearradh, a ionramháil, a scúpáil, a líonadh, ar féidir ligean orthu leo, rudaí a thógáil leo, cruthanna a dhéanamh leo. Soithigh ar mhéideanna agus i gcruthanna cosúla agus éagsúla. Rudaí le bolú, le blaiseadh, le tadhall agus le héisteacht leo.	Cuir aithne ar na hacmhainní/ taitneamhachtaí nádúrtha atá ar fáil go háitiúil. Tóg grianghraif díobh agus labhair leis na páistí fúthu. Téigh ar thurais áitiúla. Déan cinnte go mbíonn deis ag páistí spraoi rialta a dhéanamh le gaineamh agus uisce (uair sa tseachtain ar a laghad). Múnlaigh le hábhair agus déan cur síos ar na dathanna agus na huigeachtaí sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Déan iarracht teacht ar na focail sin i dteangacha dúchasacha na bpáistí uile sa rang.	Inis dóibh cé chomh tábhachtach agus atá sé dul i dtaithí ar an nádúr agus ábhair nádúrtha. Iarr orthu an méid atá á dhéanamh agatsa ar scoil a leathnú trí dhul ar shiúlóidí nádúir, rudaí a thabhairt isteach óna ngairdíní féin. Tabhair cuirí do thuismitheoirí teacht isteach chun labhairt faoi bheachaireacht, iascaireacht, garraíodóireacht, feirmeoireacht.	Iarr ar na páistí go leor ábhar nádúrtha a thabhairt isteach – caonach, clocha, spris – agus boscaí folmha trátaí. Iarr ar na páistí oibriú i ngrúpaí beaga chun mionghairdín a chruthú. Cuir a lán cruthanna pasta ar fáil le cois péint, ábhar drithleach, gliú agus mar sin de. Féadann na páistí seodra nó samhlacha beaga a dhéanamh as na cruthanna pasta nuair a bheidh siad péinteáilte. Féadtar na sliogáin a úsáid mar mhíreanna comhairimh nó mar airgead bréagach.
Scileanna Fisiciúla/ Mórluaile agus mínluaile Spraoi Ionramhála/ Tógála	Teanga Matamaitic OSPS Corpoideachas	Fonsaí, rópaí, málaí pónairí, liathróidí, bíomaí cobhsaíochta, bloic, boscaí, coirníní ar féidir snáithe a chur tríothu, míreanna mearaí, ábhair thógála mhóra agus bheaga, sipeanna, cnaipí, gníomhaíochtaí boird, cluichí meaitseála, cluichí le rialacha, cluichí biongó/lató, cluichí sórtála, brící a nascann le chéile, pionnachláir, maighnéid, domanónna, nathracha is dréimirí/cleas na bacóide ollmhór le bheith imeartha lasmuigh. (Féadtar iad sin a phéinteáil ar chlós na scoile fiú).	Déan spraoi gníomhach le páistí lasmuigh agus laistigh. Lig dóibh tú a fheiceáil ag gluaiseacht – ag síneadh, ag máirseáil, ag rith. Grádaigh na gníomhaíochtaí chun go mbeidh deis ratha ag na páistí uile. Úsáid cluichí chun focail nua agus coincheapa nua a threisiú le cois na scileanna fisiciúla a fhorbairt.	Eagraigh lá spóirt gach téarma agus tabhair cuireadh do thuismitheoirí cabhrú ann. Tabhair bileoga amach d'aclaíocht/gníomhaíochtaí ar féidir iad a dhéanamh sa bhaile - gníomhaíochtaí a mbaineann scileanna mórluaile leo cosúil le damhsa agus rith, nó scileanna mínluaile cosúil le cobhsaíocht, gearradh agus snáithe a chur trí phoill.	Cruthaigh bac-chúrsa ina gcaitheann páistí sraith gníomhaíochtaí a dhéanamh – ag rith, ag dul trí bhoscaí ar lámha agus glúine, ag gabháil málaí pónairí beaga, ag léim thar chliatha beaga. Seinn cineálacha éagsúla ceoil agus iarr ar pháistí bogadh leis an rithim nó cluiche ceoil is dealbha/cathaoireacha a imirt. Iarr ar pháistí bloic a roinnt i ngrúpaí dhá nó trí bhloc, nó píosaí pasta a chur ar shnáithe.
Spraoi cruthaitheach	Teanga OSPS OSIE Oideachas sna hEalaíona	Péinteanna, scuaba, spúinsí éagsúla Uirlisí ceoil, rudaí a dhéanann glór (crothla babaithe, clingíní gaoithe, cloig), Ábhair chun a n-uirlisí ceoil féin a dhéanamh (buidéil phlaisteacha, púróga, boscaí brioscaí) criáin, pinn luaidhe, ábhair mhangarae, scéalta, leabhair, cairtchlár, fearas do dhrámaí/rólghlacadh, cré, taos, boscaí folmha, péinteanna méire, páipéir éagsúla ar dhathanna, méideanna agus uigeachtaí éagsúla, siosúir (don lámh deas agus don lámh clé), ríomhairí, ceamaraí digiteacha.	Lig do pháistí praiseach agus glór a dhéanamh. Mol dóibh rudaí nua a dhéanamh – péinteanna a mheascadh, bogadh le ceol, mímeadh, péinteáil, damhsa lasmuigh. Smaoinigh ar bhealaí nua chun cabhrú le páistí a bheith cruthaitheach – samhail a dhéanamh den phobal áitiúil, cluichí focal a imirt, leanúint ar aghaidh le scéal a thosaigh tusa.	Iarr ar thuismitheoirí teacht isteach chun scéal a léamh, chun cabhrú le péinteáil/am spraoi práisciúil, chun uirlis a sheinm. Cuir saothar ar taispeáint áit a bhfeicfidh tuismitheoirí é. Scríobh na mínithe a thug páistí ar phictiúir ar a mbun.	Faigh roinnt rollaí de bhallapháipéar agus cuir a lán péint, cleití, ábhar ealaíne/ mangarae ar fáil agus iarr ar pháistí pictiúr a dhéanamh i ngrúpa. Déan péinteáil méire nó cosa. Spreag páistí le péinteanna a mheascadh chun a fheiceáil céard a tharlóidh.

Acmhainní ar líne

Conas is féidir linn cabhrú leat ag

Tríd ár n-acmhainní a roinnt leat, sin é. Is féidir leat teacht ar raon acmhainní ar ár láithreáin ghréasáin cosúil le tuairiscí, doiciméid chomhairliúcháin, dréacht-siollabais agus treoirlínte **(www.ncca.ie)** agus raon iomlán na ndoiciméad siollabais agus curaclaim **(www.curriculumonline.ie)**. Anseo tugaimid roinnt samplaí duit de na hacmhainní atá ar fáil chun cabhrú leat an scoilbhliain nua a phleanáil. Chun a fháil amach céard eile atá ar fáil, téigh chuig na seoltaí thuas agus...féach timpeall.

> **Is féidir leat léamh faoinár DVD do thuismitheoirí nuair a thugann tú cuairt ar láithreán gréasáin na CNCM.**

Tugann **Bileoga leideanna do thuismitheoirí** faisnéis do thuismitheoirí faoi conas cabhrú le luathfhoghlaim pháistí sa bhaile. Baineann an chéad cheann le léamh agus scríobh sna ranganna naíonáin agus míníonn sé conas cabhrú le páistí a scileanna a fhorbairt. Forbrófar bileoga leideanna breise le linn na scoilbhliana agus beifear in ann iad a íoslódáil ó láithreán gréasáin na CNCM.

Chun an chéad bhileog leideanna *(Ranganna na naíonán: Conas cabhrú le do pháiste a bheith réidh don léamh agus don scríobh)* a íoslódáil, téigh chuig: **www.ncca.ie/primary/parents**.

An dteastaíonn uait faisnéis do thuismitheoirí a fháil faoi conas is féidir leo tacú le foghlaim a bpáistí?

Is féidir leat léamh faoinár DVD do thuismitheoirí nuair a thugann tú cuairt ar láithreán gréasáin na CNCM. Tá an DVD ar fáil i 5 theanga: Béarla, Gaeilge, Fraincis, Liotuáinis agus Polainnis, agus léiríonn sé conas is féidir le tuismitheoirí tacú le foghlaim a bpáistí sa bhaile: sula dtéann siad ar bhunscoil, fad is a bhíonn siad sa bhunscoil, agus nuair atá siad ag ullmhú don iarbhunscoil. Tá an DVD ar fáil sna bunscoileanna uile, agus is féidir faisnéis bhreise a fháil faoi ar**:** **www.ncca.ie/primary/parents**.

Ag tuairisciú do thuismitheoirí bunscoile?

Mar a théann an bhliain ar aghaidh, beidh tú ag eagrú cruinnithe le tuismitheoirí chun labhairt leo faoi conas atá ag éirí lena bpáistí sa bhunscoil. Chun cabhrú leat tuairisc a thabhairt faoi dhul chun cinn do dhaltaí, tá dréacht-Teimpléid de Chártaí Tuairisce ullmhaithe ag an CNCM agus baineadh úsáid phíolóta astu i scoileanna i mbliana. Má bhain tú úsáid astu, ba bhreá linn a chloisteáil an raibh siad úsáideach duit. Mura bhain tú úsáid astu fós, is féidir iad a íoslódáil ón láithreán gréasáin anseo: **www.ncca.ie/primary/assessment**.

info@ncca

do mhúinteoirí

an tráth gnóthach seo den bhliain?

Curaclam ar líne



Pleanáil i mbunscoileanna?

Téigh chuig: **www.curriculumonline.ie**. Anseo is féidir leat teacht ar Churaclam na Bunscoile. Má tá scéimeanna bliantúla, míosúla nó coicísiúla á bpleanáil agat, is féidir leat an roghchlár anuas a úsáid chun teacht ar an gcuraclam ag leibhéal do ranga i ngach ceann de na réimsí curaclaim. Roghnaigh d'ábhar ón roghchlár anuas ar an leathanach baile, ansin lean na naisc ar an roghchlár ar an taobh chun teacht ar an leathanach pleanála le haghaidh d'ábhar roghnaithe.

TFC i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Mhúinteoirí Cuimsíonn na treoirlínte seo idéanna agus ceachtanna agus tionscadail eiseamláire do mhúinteoirí faoi conas TFC a úsáid ar fud an churaclaim. Tugtar comhairle iontu freisin faoi conas cuir chuige agus modheolaíochtaí curaclaim a phleanáil agus faoi bhogearraí agus an Idirlíon a úsáid i gcomhthéacs an churaclaim. Is féidir teacht ar na Treoirlínte TFC anseo: **www.ncca.ie/primary/ICT**.

Pleanáil in iar-bhunscoileanna?

Téigh chuig: **www.curriculumonline.ie**. Anseo is féidir leat teacht ar dhoiciméid siollabais agus treoirlínte do mhúinteoirí. Is féidir an roghchlár anuas a úsáid chun teacht ar Churaclam na Sraithe Sóisearaí agus Curaclam na Sraithe Sinsearaí, lena n-áirítear an Idirbhliain, an Ardteistiméireacht (Bunaithe), Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

Teagasc i rang a sé nó sa tsraith shóisearach?

Is leabhrán faisnéise é *Ag Gluaiseacht Suas* do scoileanna, múinteoirí agus tuismitheoirí faoi na bealaí is fearr tacú le daltaí agus iad ag aistriú ó bhunscoileanna go dtí iar-bhunscoileanna. Coimríonn an leabhrán príomhthorthaí an taighde déanta ag an ESRI (an Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta) mar an chéad chuid de staidéar ar níos mó ná 900 dalta le linn a gcéad trí bliana san iarbhunscoil. Is féidir *Ag Gluaiseacht Suas* a íoslódáil ó **www.ncca.ie/publications**.

Spéis i mbealaí éagsúla chun saothar daltaí a mheasúnú?

Cliceáil ar an nasc *Measúnú chun Foghlama* (AfL) ar leathanach baile na CNCM agus gheobhaidh tú faisnéis úsáideach agus eiseamláirí faoi conas is féidir le measúnú sa seomra ranga tacú le foghlaim daltaí agus feabhas a chur air. Is féidir bileog a íoslódáil anseo freisin a mhíníonn céard é AfL.

Riachtanais oideachais speisialta

Leasaíodh na *Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí le Míchumais Ghinearálta Foghlama* le déanaí. Bhí na leasuithe bunaithe ar an aiseolas a thug sibh agus sibh ag baint úsáide as na dréacht-treoirlínte níos luaithe, a bhí deartha chun bealaí a léiriú inar féidir le múinteoirí cur ar chumas daltaí le míchumais ghinearálta foghlama teacht ar an gcuraclam d'oideachas bunscoile agus iarbhunscoile. Tá pacáiste digiteach de na treoirlínte uile forbartha ag an CNCM agus is féidir é a íoslódáil nó féachaint air ar líne. Le breis eolais a fháil faoin ábhar seo, téigh chuig **www.ncca.ie/primary/inclusion** agus lean an nasc le riachtanais oideachais speisialta.

An bhfuil páistí i do rang bunscoile a bhfuil an Béarla acu mar theanga bhreise?

Tugann na treoirlínte, *English as an additional language in Primary schools,* faisnéis faoi conas cabhrú le páistí nach Béarla nó Gaeilge a dteanga baile nuair a thagann siad ar scoil den chéad uair. Tugann na treoirlínte moltaí freisin faoi conas rannpháirteachas tuismitheoirí agus bhaill eile phobal an pháiste a chothú sa scoil. Tá ábhar eiseamláire san áireamh freisin chun cabhrú le múinteoirí agus iad ag cabhrú le páistí rochtain a fháil ar gach réimse de Churaclam na Bunscoile.

Chun na treoirlínte a íoslódáil, lean an nasc chuig '*English as an additional language*' ar leathanach an láithreáin ghréasáin a bhaineann le cuimsitheacht: **www.ncca.ie/primary/inclusion**.

Coinnigh súil amach le haghaidh **ACTION** freisin, láithreán gréasáin nua CNCM a bheidh ar fáil go luath agus ar a mbeidh eiseamláirí dea-chleachtais do mhúinteoirí a úsáideann na treoirlínte seo. Chun réamhamharc eisiach a fháil, féach ar: **http://action.ncca.ie**.

Rinneamar

Ó ranganna naíonán go hArdteistiméireacht – contanam na heolaíochta.

Ag glaoch ar na múinteoirí eolaíochta uile. Bhí an eolaíocht san áireamh i gcuraclam na bunscoile 1999 mar cheann de na trí ábhar sa réimse a bhaineann le hOideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta. Ciallaíonn sé sin go mbíonn staidéar déanta ag páistí ar bhitheolaíocht an duine, bitheolaíocht plandaí agus ainmhithe, solas, fuaim, teas, maighnéadas, leictreachas, fórsaí, airíonna agus tréithe ábhar, agus staidéar imshaoil faoin am a shroicheann siad an chéad bhliain san iarbhunscoil. Agus, toisc go bhfuil an t-ábhar ag leibhéal na bunscoile an-chosúil le cuid mhaith den ábhar ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh, tá an bealach ar a nascann an méid a eolaíochta a fhoghlaimíonn daltaí ar chéimeanna éagsúla scolaíochta an-tábhachtach chun cur ar a gcumas tuiscint tríd is tríd a fháil ar an ábhar. Trí fheasacht a fháil ar a bhfuil déanta ag daltaí cheana agus ar an méid is cóir do dhaltaí a bheith ullmhaithe dó sa todhchaí, is féidir tuiscint níos fearr a fháil ar nádúr leanúnach na foghlama san eolaíocht nó, gan amhras, in aon ábhar nó réimse curaclaim.

Anois, seo duit an eolaíocht. Féach ar an léaráid ar leathanach 19 chun a fháil amach conas is féidir leat déileáil le maighnéadas ón mbunscoil go dtí deireadh na sraithe sóisearaí san iar-bhunscoil.

Tabhair faoi deara go n-úsáideann curaclam na bunscoile cur chuige bíseach; forbraítear agus leathnaítear eolas, tuiscint agus scileanna próiseála na heolaíochta de réir mar a théann an páiste ó na ranganna naíonán go dtí rang a sé. Leanann an siollabas eolaíochta sóisearaí a tugadh isteach in 2003 le forbairt na scileanna sin.

Ag leanúint ar aghaidh le heiseamláir an mhaighnéadais, tugann tú an dul chun cinn seo a leanas faoi deara. Sna ranganna naíonán, déanann páistí **spraoi** le maighnéid. Féachann siad **go mbogann maighnéid roinnt rudaí sula ndéanann siad teagmháil leo fiú.** Agus iad beagán níos sine, **dearann agus déanann** siad cluiche iascaireachta simplí, **faigheann siad amach** nach n-oibríonn fórsa aomtha maighnéad ar gach ábhar, is féidir leo a slata iascaireachta a úsáid chun **ábhair a rangú mar ábhar maighnéadach agus neamh-mhaighnéadach.** Tugann sé sin buneolas faoi 'shórtáil' nó rangú do pháistí.

De réir mar a leanann siad ar aghaidh ag obair le maighnéid, faigheann páistí go mbíonn iompar éagsúil ag gach foirceann de mhaighnéad agus go bhféadann maighnéid feidhmiú mar chompáis. Ag baint úsáide as an gcaidreamh idir maighnéid agus compáis, faigheann siad go bhfeidhmíonn an domhan mar mhaighnéad ollmhór. Forbraítear an coincheap seo in eolaíocht an Teastais Shóisearaigh nuair a úsáideann daltaí compáis chun réimse maighnéadach barra-mhaighnéid a bhreacadh agus nuair a fhoghlaimíonn siad faoi réimse maighnéadach an domhain. B'fhéidir nach cuí do pháistí bunscoile aghaidh a thabhairt ar choincheap na réimsí maighnéadacha ar bhealach chomh casta sin, ach tá siad ag dul i dtaithí ar conas a oibríonn maighnéid agus ag fáil tuisceana air. Faoin am a shroicheann siad an iar-bhunscoil, bíonn siad réidh an réamheolas sin a úsáid agus cur leis. Tá an obair a dhéanann páistí i ranganna naíonán agus sóisearacha cuí dá gcéim forbartha; smaoiníonn siad faoi conas fadhbanna a réiteach cosúil le hábhar maighnéadach agus neamh-mhaighnéadach a shórtáil. Sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha, cuimsíonn an scrúdú agus na turgnaimh tástálacha cothroma a phleanáil agus a dhéanamh. Tá an cur chuige seo mar chuid lárnach an phróisis eolaíochta agus foghlaimeoidh daltaí conas na scileanna sin a úsáid ar choincheapa níos casta agus iad ag dul tríd an mbunscoil go dtí an iarbhunscoil agus ar aghaidh.

I rang a cúig agus a sé, dearann agus déanann páistí leictreamhaighnéad agus cé go nascann sé leictreachas agus maighnéadas, déanann sé é sin ag leibhéal macroscópach. Ní fhoghlaimíonn siad faoi nádúr an leictreachais agus céard a tharlaíonn laistigh de shreang an leictreamhaighnéad a iompraíonn an sruth ag leibhéal adamhach go dtí sraith shóisearach na hiarbhunscoile. Sa bhunscoil foghlaimíonn siad go gcruthaítear maighnéad nuair a chuirtear sreang a iompraíonn sruth i gcadhlaí mórthimpeall ar thairne iarainn agus san iarbhunscoil tosaíonn siad ag foghlaim cén fáth.

Déanann páistí i rang a cúig agus a sé scrúduithe cosúil le 'céard a théann i gcion ar láidreacht an leictreamhaighnéid?'. B'fhéidir go réamhinseoidh siad gur fad/tiús an tairne, líon na gcadhlaí sreinge, cineál na sreinge, srl. atá i gceist. Leagtar béim anseo ar **shult a bhaint as próiseas na heolaíochta,** agus ar

info@ncca

anuraidh é



thástáil chothrom a dhearadh. Nuair a bheidh siad níos sine agus ag déanamh scrúdaithe chomhchosúil is féidir leo cur lena gcuid eolais faoi thionchar srutha leictrigh chun a thuiscint go méadaítear láidreacht leictreamhaighnéid nuair a mhéadaítear an sruth sa tsreang mórthimpeall air. Anois is féidir leo anailís agus meastóireacht níos sofaisticiúla a dhéanamh ar a sonraí agus scrúdú cainníochtúil a dhéanamh agus ní scrúdú cáilíochtúil.

Le linn bhlianta luatha an oideachais eolaíochta, leagtar béim ar dhéanamh, féachaint, agus plé. Ansin, bogtar ar aghaidh diaidh i ndiaidh chuig réamhinsint, hipitéis a chruthú, scrúduithe agus turgnaimh a dhéanamh, torthaí a mhíniú, a thaifeadadh agus a chur in iúl, de réir mar a oibríonn páistí ar thascanna réitigh fadhbanna níos neamhiata atá cuí dá n-aoiseanna agus dá n-inniúlacht chognaíoch. Déantar forbairt bhreise ar na scileanna sin nuair a aistríonn daltaí chuig curaclam níos struchtúrtha an Teastais Shóisearaigh, ina gcuimsítear ionramháil sonraí agus anailís freisin, ag dul le forbairt a scileanna matamaitice.

Mar thoradh ar eolaíocht a chur ar fáil i gcuraclam na bunscoile agus eolaíocht an Teastais Shóisearaigh a leasú, tá contanam foghlama ann anois nach raibh ann cheana. Aistríonn páistí a gcuid eolais agus a scileanna nuair a aistríonn siad chuig saotharlanna na n-iarbhunscoileanna. Toisc go mbeidh go leor taithí acu ar scrúdú a dhéanamh sula sroicheann siad an chéad bhliain, ba chóir nach mbeadh an t-aistriú chuig eolaíocht an Teastais Shóisearaigh chomh dúshlánach agus a bhí cheana, nuair nár thaitin an eolaíocht le go leor daltaí laistigh den chéad téarma toisc go raibh se ró-nua agus go raibh an iomarca teoirice i gceist léi dar leo, rud a chuir leis an miotas gur ábhar 'deacair' é an eolaíocht.

Maidir le treoir

Tuairimí faoin idé curaclam a chur ar fáil don treoir

Mar atá go maith ar eolas ag léitheoirí rialta, cuirimid fáilte roimh eolas ó scoileanna agus múinteoirí faoi shaincheisteanna a bhaineann le hobair na CNCM. Fuaireamar an t-alt thíos ó Evelyn McLoughlin, treoirchomhairleoir i scoil ghnóthach i mBaile Átha Cliath. Toisc go bhfuil dréacht de chreatlach curaclaim don treoir san oideachas iarbhunscoile forbartha againn le déanaí, táimid ag féachaint faoi láthair ar conas is féidir leis an gcreatlach tacú le scoileanna agus a gcláir threorach á bpleanáil agus á gcur i bhfeidhm acu. Ní hamháin go gcuirtear fáilte roimh smaointe Evelyn faoi churaclam a chur ar fáil don treoir agus faoin tionchar féideartha a bheadh aige ar obair an treoirchomhairleora, ach tá siad an-tráthúil chomh maith.

Seachas na tascanna sofheicthe a dhéanann siad, bíonn ról uathúil ag treoirchomhairleoirí i bpobal na scoile mar trasnaíonn an méid a dhéanann siad na gníomhaíochtaí uile a tharlaíonn sa scoil. Agus an méid sin ráite, ní mheastar gur baill den fhoireann bainistíochta ná den fhoireann teagaisc iad, cé go mbaineann a ndualgais leis an dá réimse. Bíonn bonn eolais sonrach acu agus bíonn siad inniúil i réimse scileanna a mheastar go mbaineann leis an bpost, ach uaireanta, bíonn an chuma air nach mbíonn a sainchúram sainmhínithe ná saintreorach, agus mar sin go mbíonn sé doiléir.

Cé gur féidir leis an carte blanche sin saoirse, deiseanna agus neamhspleáchas a thabhairt do threoirchomhairleoirí ó thaobh cinneadh a dhéanamh faoi cad is cóir a dhéanamh i gclár treorach na scoile, baineann roinnt fadhbanna leis freisin. Gan struchtúr, bíonn na deacrachtaí dosheachanta céanna ann agus a bhíonn in aon ionad féindírithe eile. Mar shampla, is cúis imní í bainistíocht ama uaireanta, agus is dúshlán soiléir é gan ghlacadh leis an iomarca ach a chinntiú go nglactar le go leor oibre, agus cobhsaíocht cheart a fháil idir an dá rud.

Mar thoradh ar phearsantacht an treoirchomhairleora agus a roghanna féin faoi céard a dhéanann sé/sí, ní bhíonn an soláthar treorach comhsheasmhach uaireanta ó scoil go scoil. Mar shampla, má thaitníonn comhairleoireacht phearsanta leis an gcomhairleoir, d'fhéadfadh sé/sí an tseirbhís a dhíriú den chuid is mó ar an riachtanas sin. Ar an taobh eile, mura mbraitheann comhairleoir chomh compordach faoi chomhairleoireacht phearsanta, d'fhéadfadh sé/sí an tseirbhís a dhíriú ar ghairmthreoir amháin agus comhairleoireacht phearsanta a sheachaint go hiomlán beagnach. Mar sin, féadann neamhrialtachtaí a bheith i gceist ó scoil go scoil i ndáil le nádúr, iomchuibheas, agus fiú cáilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil, agus mar sin déantar gairm na gcomhairleoirí a cheistiú agus a scrúdú.

Mar thoradh ar easpa cláir shainmhínithe don treoir sa scoil, agus easpa plé faoi agus pleanáil dó i measc na foirne iomláine, uaireanta bíonn an dearcadh ann gur seirbhís randamach í an tseirbhís treorach agus gur jab 'éasca compordach' é do na cleachtóirí. Eascraíonn an dearcadh sin as easpa eolais faoi ról an treoirchomhairleora, agus ní mór dúinn, na cleachtóirí, glacadh le roinnt freagrachta as sin. B'fhéidir nár éirigh linn poiblíocht chuí a dhéanamh ar ár ról laistigh den scoil chun a mhíniú céard a dhéanaimid gach lá agus conas a thuillimid ár gcuid pá!

Deacracht eile ná nach bhfuil aon slat tomhais coincréiteach ann ar féidir le treoirchomhairleoirí í a úsáid chun a gcuid feidhmíochta a thomhas. Murab ionann agus múinteoir ábhair, níl aon fhianaise bhuan ag treoirchomhairleoirí ar féidir leo í a úsáid chun an dul chun cinn a dhéantar a mheas nó a thomhas. I ndáiríre, d'fhéadfaí a rá nach féidir rath d'idirghabháil threorach a thomhas mar thoradh ar nádúr na hidirghabhála sin. I dtimpeallacht scoile ina spreagann spriocanna agus spriocdhátaí sofheicthe formhór na múinteoirí agus ina bhfaigheann siad fianaise agus aiseolas inláimhsithe, féadann an treoirchomhairleoir a bheith i ngan fhios faoi thionchar a s(h)eirbhíse, más ann fiú. Nuair a oibrítear ar do chonlán féin ar bhonn fadtréimhseach is deacair uaireanta a bheith sásta leis sin.

Bíonn ról ríthábhachtach ag an treoirchomhairleoir i bpobal na scoile. Is ról ilghnéitheach é agus i dteannta scileanna comhairleoireachta iontacha, a bhíonn forbartha agus cothaithe le linn oiliúint treoirchomhairleoirí agus atá mar chuid lárnach dá gcuid oibre, is féidir a rá go ndéanann cleachtóirí treorach raon mór tascanna gach lá agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu.

Tá go leor fianaise ann gur chóir struchtúr ar leith a chur ar fáil i soláthar na treorach ar aon dul le pleanáil threorach ag leibhéal áitiúil. D'fhéadfaí aghaidh éifeachtúil a thabhairt ar na saincheisteanna thuasluaite laistigh de chreatlach curaclaim a thugann roinnt pointí tagartha dúinn ar féidir linn iad a úsáid chun ár gcláir a chruthú. Gan amhras, cuirfidh sé le comhsheasmhacht, trédhearcacht agus soiléireacht an mhéid a theagasctar, agus tabharfaidh sé beagán 'treorach' do gach aon duine.

Evelyn Mc Loughlin BA, MSc, PGCE, HDCG
Treoirchomhairleoir, Donahies C.S.